# dlr times

SAMHRADH 2021

FÉACH ISTIGH

## Spraoi Saoire Baile an tSamhraidh

Cathaoirleach Nua Tofa




# Dathanna ar fud na háite

LÉIGH ISTIGH FAOIN TIONSCADAL DÚN LAOGHAIRE ANSEO ATÁ LE TEACHT

dlr
Comhairle Contae County Council

EOLAS AGUS NUACHT Ó CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

# féach istigh


DÚN LAOGHAIRE ANSEO .................... 03

NUACHT DLR
Cathaoirleach Nua Tofa .................... 04
Feachtas Frithbhruscair “Tabhair Abhaile Mé” .................... 05

TURASÓIREACHT dlr
Mind the GAP .................... 06
Déan splais BigStyle cois cuain .................... 06

GNÓ DLR
Fiontraithe dlr .................... 07
Creidiúnú Aoisbhá .................... 07

EOLAS DON PHOBAL dlr
Cearnóg Myrtle agus Lána an Chlochair – Spás Poiblí Nua .................... 08
Sráideanna Samhraidh dlr .................... 08

PRÓIFÍL FOIRNE dlr
Ursula O’Connor .................... 08

IMEACHTAÍ EALAÍON AGUS NA LEABHARLANNA dlr
Taispeántas Ealaíon na Páirce Nua .................... 10
Réaltaí an tSamhraidh .................... 10
Slite Scéalta dlr .................... 11
Aip Leabharlanna dlr .................... 11

DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr .................... 12



## Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9
**TEILEAFÓN:** 01 205 4700
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

—

**Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma**
Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14
Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm
**TEILEAFÓN:** 01 205 4880
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

dlrcoco.ie

dlrtourism.ie | events.dlrcoco.ie
libraries.dlrcoco.ie



Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéir a fuarthas go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr


@dlrcc   dlrcoco.ie
DunLaoghaireRathdownCountyCouncil

Más mian leat **dlr times** a fháil ar an ríomhphost, déan teagmháil linn ar: **commsoffice@dlrcoco.ie**

Tá dlr times ar fáil as Gaeilge ar **dlrcoco.ie/dlrtimes**



## Teachtaireacht ón **gCathaoirleach**

*Fáilte go heagrán an tsamhraidh dlr times. Is mór an onóir dom gur toghadh mé mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus táim ag súil le bheith ag obair libh go léir le hathrú dearfach ionchuimsitheach a thabhairt i gcrích do chách sa chontae.*

*Is mian liom obair a dhéanamh lenár bpobail agus gnóthais áitiúla chun iarraidh cuidiú leo teacht ar ais i ndiaidh na ndeacrachtaí a cruthaíodh de dheasca phaindéim Covid-19. Tá méid áirithe beart ar siúl cheana féin agus is féidir leat léamh faoi na bearta sin agus faoi thacaíochtaí agus tionscnamh eile san eagrán seo de dlr Times. Istigh san eagrán gheobhaidh tú eolas maidir le Sráideanna Samhraidh dlr ina gcuirfear tuilleadh spáis ar fáil don ithe amuigh faoin spéir le linn an tsamhraidh.*

*San eagrán seo, is féidir leat léamh freisin faoi dlr Anseo, tionscadal spreagúil ina gcuirfear meascán ealaíne sráide ar fáil i nDún Laoghaire, chomh maith le feachtas ‘Tabhair Abhaile Mé’ na Comhairle ina n-iarrfar ar dhaoine a mbruscar a thabhairt chun an bhaile, go háirithe le linn an tsamhraidh taobh amuigh.*

**AN CLR LETTIE McCARTHY**



## Teachtaireacht ó **Phríomhfheidhmeannach Eatramhach dlr**

*Tá lúcháir orm go bhfuil an geilleagar áitiúil ag oscailt arís ar mhaithe le cúrsaí gnó agus fóillíochta. Táimid ábalta bualadh le baill teaghlaigh agus cairde anois agus pléisiúr a bhaint as na rudaí simplí sa saol.*

*Tá an-obair déanta againn agus muid ag ullmhú don samhradh taobh amuigh agus tá feabhsuithe le feiceáil sa ríocht phoiblí againne: tá suíocháin bhreise, boscaí bruscair breise agus leithris bhreise ann anois. Leis an tionscnamh Sráideanna Samhraidh dlr, cuirfear spásanna sábháilte poiblí atá fáilteach agus cairdiúil ar fáil sna bailte móra agus sráidbhailte, a thabharfaidh beocht, bia agus brí go sráideanna an Chontae an samhradh seo.*

*Beidh imeacht speisialta ar siúl i mí an Mheithimh dar teideal dlAnseo ina bhfeicfidh tú ealaíontóirí agus iad ag péinteáil múrphictiúir ballaí i nDún Laoghaire. Is é atá i gceist le Dún Laoghaire Anseo ná gach duine a chur ar an eolas go bhfuilimid anseo, i ndiaidh gach rud atá i ndiaidh tarlú le bliain anuas.*

*Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gComhairleoir Una Power a bhí ina Cathaoirleach in 2020 as an tacaíocht a thug sí dúinn agus muid ag plé leis an mbliain agus ag dul i dtaithí ar na cúinsí nua.*

*Tá an-chuid rudaí le bheith ag dúil leo anois; tá an samhradh linn agus is féidir linn saoire sa bhaile a phleanáil. Ba mhaith liom comhghairdeas a ghabháil leis an gComhairleoir Lettie McCarthy agus í tofa mar Chathaoirleach agus guím gach rath uirthi agus í ina Céad-Saoránach ar an gcontae sa bhliain amach romhainn.*

**TOM MCHUGH**

## Margaí na Comhairle Contae

**PÁIRC AN PHOBAIL AGUS LEXICON DLR,** Dún Laoghaire
Domhnach 11am-4pm

**PÁIRC MHARLAÍ**
Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16
Satharn 10am-4pm agus Domhnach 11am-4pm

## UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

| | |
|---|---|
| **Lasmuigh de Ghnáthuaireanta:** [i ndiaidh 5pm agus an deireadh seachtaine] | 01 677 8844 |
| **Daoine gan Dídean:** [seirbhísí iar-ama] | 1800 724 724 |
| **Uisce Éireann:** [24 uair an chloig] | 1850 278 278 |

# Páirceanna dlr

### PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 4.30pm Feabh. – Márta 8am go 6pm | Aib. 8am go 8pm | Beal. – Lún. 8am go 9pm

### PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 5pm | Feabh. 8am go 6pm | Márta 8am go 7pm | Aib. 8am go 8pm | Beal. – Lun. 8am go 10.30pm

### PÁIRC NA BHFIANNA
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

### PÁIRC AGUS GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ
**UAIREANTA OSCAILTE:** 9am - 6pm

### PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

### PÁIRC CHNOC CHILL INÍON LÉININ
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

### PÁIRC MHARLAÍ
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 9am go 8pm | D. Fómh. 9am go 6pm | Samh. – Ean. 9am go 5pm Feabh. – Márta 9am go 6pm | Aib. 9am go 9pm | Beal. – Lún. 9am go 10pm

### PÁIRC AN PHOBAIL
**UAIREANTA OSCAILTE:** Noll. – Márta 8am go 4.30pm Aib. – Beal. 8am go 7.30pm | Meith. – M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. – Samh. 8am go 7.30pm

### PÁIRC SHEANGÁNAÍ
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

# Eolas faoi athchúrsáil

### PÁIRC ATHCHÚRSÁLA BHAILE UÍ ÓGÁIN
Bóthar Bhaile Uí Ógáin
**TEILEAFÓN:** 01 291 3600
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Aoine 8.30am go 5.30pm, Sath. 9.30am go 5.30pm | Domh./Lá Saoire Bainc 10.30am go 5.30pm.
**DÚNTA:** Oíche Nollag – Lá Fhéile Stiofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

### IONAD ATHCHÚRSÁLA PHÁIRC ÉIDIN
Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

### IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ
Carrchlós na Reilige, Seanchill
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30am go 4pm Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

# Leabharlanna dlr

### dlr LexIcon
Ardán Haigh, Dún Laoghaire
**TEIL:** 01 280 1147
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 9.30am – 8pm Aoine go Sath. 9.30am – 5pm | Domh. 12pm– 4pm

### AN CHARRAIG DHUBH
Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór
**TEIL:** 01 288 8117
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 1.15pm – 8pm

### CÁBÁN TSÍLE*
Seanbhóthar Bhré, Cábán tSíle
**TEIL:** 01 285 5363
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 2pm – 8pm

### DEILGINIS
Sráid an Chaisleáin, Deilginis
**TEIL:** 01 285 5317
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 1.15pm – 8pm

### GRÁINSEACH AN DÉIN
Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin
**TEIL:** 01 285 0860
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan 10am – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine agus Sath. 10am – 5pm. Féinseirbhís *My Open Library* 8am-10pm, 7 lá na seachtaine, deirí seachtaine saoire bainc san áireamh.

### DÚN DROMA
Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach, Dún Droma
**TEIL:** 01 298 5000
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Aoine agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm

### SEANCHILL*
Bóthar na Leabharlainne, Seanchill
**TEIL:** 01 282 3081
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10am – 1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar. 2pm – 8pm

### STIGH LORGAN
Páirc Lorcáin, Stigh Lorgan
**TEIL:** 01 288 9655
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan 10am – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm

* Leabharlanna a bhfuil *réiltín* leo, bíonn siad ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn – déan teagmháil leo chun tuilleadh sonraí a fháil.
- Bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan ar dheirí seachtaine saoire bainc. Bíonn Leabharlann Ghráinseach an Déin ar oscailt i mód *My Open Library*.





# Canbhás amuigh faoin spéir a dhéanamh de Dhún Laoghaire

**Idir 22-28 Meitheamh, déanfar canbhás amuigh faoin spéir de Dhún Laoghaire agus Dún Laoghaire Anseo ar siúl ann, a bheidh ar an gcéad tionscadal ealaíne sráide den chineál sin sa chontae.**

Beidh an chuid is fearr den ealaíon sráide chomhaimseartha le feiceáil, le meascán saothar ó 14 ealaíontóir, idir ealaíontóirí cruthaithe, ealaíontóirí a bhfuil gealladh fúthu agus ealaíontóirí áitiúla. Cuirfear 16 shaothar in airde ar bhallaí agus doirse ar fud an bhaile mhóir ar an iomlán. Táimid i ndiaidh a bheith ag comhoibriú le húinéirí gnó sa bhaile mór a bhí go díograiseach faoina mballaí a chur ar fáil don tionscadal.

Is é atá i gceist le Dún Laoghaire Anseo ná gach duine a chur ar an eolas go bhfuilimid anseo, i ndiaidh gach rud atá i ndiaidh tarlú le bliain anuas. Léamh an ealaíontóra ar chroí Dhún Laoghaire atá ann. Tá an ealaín bunaithe ní hamháin ar oidhreacht mhuirí na háite ach, lena chois sin, ar mhachnamh ar na gnéithe ar fad atá taobh thiar den áit ar leith atá i nDún Laoghaire.

Beidh Dún Laoghaire Anseo ar siúl i dtréimhse an-spreagúil i nDún Laoghaire. Tá plás úr, Cearnóg Myrtle, á fhorbairt díreach amuigh de Lárionad Siopadóireachta Bloomfields agus, ag an am céanna, tá dlr ag obair ar an gclár Sráideanna Samhraidh don phobal i nDún Laoghaire agus níos faide i gcéin.

Tá Dún Laoghaire Anseo á mhaoiniú ag dlr, mar aon le tacaíocht ó Éire Ildánach, agus táthar dóchasach go meallfar idir thurasóirí agus chuairteoirí chun an bhaile mhóir agus go ndéanfar a chinntiú go mbeidh Sráideanna Samhraidh lán le dathanna, brí agus spraoi.

- Déanfaidh **Johnman,** atá bunaithe in DLR, balla a ghealadh ar Shráid Phádraig, in aice le Ritz Café. Tá an Gunna Mór Criméach, atá le feiceáil ar an gCé Thoir i nDún Laoghaire, mar chuid dá shaothar, ach pléascadh dathanna a dhéanann é a athrú ó bhonn.
- Tabharfaidh **John Brady** urraim do Vera Breslin, laoch áitiúil. Bhí aithne mhaith ar Vera ag a stainnín éisc ar Bhóthair an Chlochair ar feadh na blianta fada agus déanfar í a chomóradh ar bhalla idir McCabe's agus The Cutting Hut.
- Beidh **Paul Francis,** ar ealaíontóir áitiúil é, ag insint scéal William Maher agus an dóigh ar tharrtháil sé Dorothy Toppin ó bhás a bhí i ndán di nuair a chuaigh RMS Leinster go tóin poill. Bhí sé ina stócálaí ar an long agus bhí cónaí air ar an mBóthar Trasna, Dún Laoghaire. Cuirfear an múrphictiúr seo ar Ardán Haigh.
- Sa tionscadal **Bloom | The Art Project,** baintear leas as an ealaín agus as an gcruthaitheacht le folláin agus meabhairshláinte mhaith a chur chun cinn i bpobail áitiúla. Tá siad lena dtionscadal pobalbhunaithe a thabhairt go Dún Laoghaire Anseo, áit a mbeidh siad ag obair le cuid d'úsáideoirí seirbhísí Boylan Centre le saothar ealaíne a chruthú a fhágfaidh go mbeidh a gcuid oibre beoga le feiceáil ar Shráid Sussex.

Féach **dlrcoco.ie/dlAnseo** nó lean ar Twitter **@dlrcc** muid má bhíonn tuilleadh eolais uait.

**#dlAnseo #dlrStreetArt**

# Cathaoirleach Nua Tofa



Toghadh an Comhairleoir Lettie McCarthy mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le linn Chruinniú Cinn Bliana na Comhairle ar an 14 Meitheamh. Is ionadaí ó Pháirtí an Lucht Oibre í an Comhairleoir McCarthy, agus toghadh chun na Comhairle Contae í den chéad uair sa bhliain 2004 mar Chomhairleoir ar Bharda Ghleann Cuilinn-Áth an Ghainimh.

Bhí sí ina Cathaoirleach roimhe seo ó Mheitheamh 2010 go Meitheamh 2011 agus, anuas air sin, bhí sí ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus ar Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2008. Tá suim as cuimse aici sa pholaitíocht, agus tá sí i ndiaidh a bheith páirteach go sonrach in iarrachtaí áit níos deise faoi choinne maireachtála a dhéanamh de thimpeallacht agus pobal na háite. Fuarthas réidh le bruscar agus rinneadh crainn, bláthanna agus toim a chur. Agus í ag cur fúithi i gceann de na ceantair is mó fás sa chathair, bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Chumann Áitritheoirí na Céime agus Paráid Lá Fhéile Pádraig na Céime, ar éirigh go geal léi.

Tá a príomhthosaíochtaí don bhliain leagtha amach ag an gCathaoirleach nuathofa:

*"Tá an bhliain seo caite i ndiaidh dúshlán a thabhairt dúinn ar bhealaí a bheadh dochreidte roimhe seo. Cuireadh ina luí orainn dá bharr a oiread a bhímid ag brath ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag na hÚdaráis Áitiúla, seirbhísí cosúil le páirceanna poiblí, leabharlanna, bonneagar maith coisíochta agus rothaíochta agus suíocháin phoiblí. Beidh sé mar thosaíocht agam le linn na bliana tógáil ar an mbonn sin, agus é sin a dhéanamh ar bhealach bríomhar dearfach spraíúil.*

*Ba mhaith liom ballaí dearfachta a thabhairt isteach i gcuid dár spásanna poiblí, i gcomhar le mo chomhghleacaithe ón gComhairle agus le Roinn na nEalaíon.*

*Le bliain anuas, thug na mílte duine cuairt ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath gach lá. Áis thar cionn dár gContae is ea na sléibhte agus is mian liom na daoine ar fad atá ina gcónaí in dlr a chur ar an eolas faoin spás oscailte poiblí seo agus aird a tharraingt ar na siúlóidí gálánta agus pointí rochtana.*

*Tá sé beartaithe agam cuairt a thabhairt ar gach sráidbhaile agus baile mór sa Chontae agus an caidreamh idir an lucht gnó agus dlr a láidriú. Tá tionscadail iolracha beartaithe, agus tabharfaidh mé m'aird iomlán orthu sin, ina measc siúd Páirc Réigiúnach Bhaile Shéamais agus Céim 2 de Champas Pobail Samuel Beckett, a bhfuil linn snámha agus leabharlann mar chuid de."*



Toghadh an Comhairleoir Juliet O'Connell mar Leas-Chathaoirleach le linn an chruinnithe freisin. Is ionadaí de Pháirtí an Lucht Oibre í an Comhairleoir O'Connell fosta agus tá gnóthas beag aici i nDún Laoghaire. Toghadh do thoghlimistéar áitiúil Dhún Laoghaire den chéad uair í sa bhliain 2019 mar chomhairleoir. Is í an Comhairleoir O'Connell urlabhraí Pháirtí an Lucht Oibre do ghnóthais bheaga. Chuir sí in iúl le linn Chruinniú Cinn Bliana na Comhairle gur mhaith léi obair a dhéanamh le gnóthais bheaga agus le hOifig Fiontar Áitiúil dlr agus í ina Leas-Chathaoirleach, le scilbhisiú agus oiliúint a spreagadh d'úinéirí na ngnóthas beag.

# Dún Laoghaire – Baile ár Seoltóirí Oilimpeacha





Annalise Murphy, Robert Dickson agus Sean Waddilove

Tá Foireann Seoltóireachta na hÉireann ag tabhairt aghaidh ar Chluichí Oilimpeacha Thóiceo an samhradh seo. Tá an Fhoireann bunaithe i gcuan Dhún Laoghaire agus bíonn na baill foirne ag traenáil ó Performance HQ, a bhfuil Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin bródúil as tacú leis. Tá Performance HQ ar thailte Choimisinéirí Soilse na hÉireann ar Bhóthar an Chuain. Tá trí shoitheach seoltóireachta ann, a athchóiríodh go speisialta, ina bhfuil tolglann do na lúthchleasaithe chomh maith le seomra ranga, bothán bád agus ionad aclaíochta iomlán feistithe. Seoladh tolglann na lúthchleasaithe go Tóiceo an mhí seo caite sa dóigh is go mbeidh bunáit ag na seoltóirí nuair a bhainfidh siad an áit amach do na Cluichí Oilimpeacha.

Triúr seoltóirí a ghlacfaidh páirt sna Cluichí Oilimpeacha ar son na hÉireann: Annalise Murphy, Robert Dickson agus Sean Waddilove. Bhuaigh Annalise Murphy an bonn airgid i gCluichí Oilimpeacha 2016 Rio agus beidh sí ag glacadh páirt sa Laser Radial. Aithneoidh cuid mhór daoine é mar gheall ar an scal ghréine dhearg ar a sheol bán.

Tá Robert agus Sean i ndiaidh cáiliú i 49er, "scif" nó báidín ardfheidhmíochta délámhach fear. Is é an halmadóir (Rob) a stiúrann an báidín agus a dhéanann cinntí beartacha agus is é an criú (Sean) a dhéanann na seoltaí a rialú. Bád an-teicniúil atá ann. Rinneadh bád d'aicme Oilimpeach é an 49er sna Cluichí Oilimpeacha i Sydney sa bhliain 2000.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach agus ugach a thabhairt dóibh ach Seoltóireacht Éireann a leanúint ar Instagram, Twitter, Facebook nó ar an suíomh gréasáin **sailing.ie**

Tá Seoltóireacht Éireann mar bhord náisiúnta rialaithe don tseoltóireacht, bádóireacht innill agus gaothshurfáil in Éirinn, agus mar bhaile ag Foireann Seoltóireachta na hÉireann.






# Patról Sábháilteachta Uisce nua an Chuain

Níos luaithe sa mhí, sheol Cuan Dhún Laoghaire Bád Sábháilteachta Uisce nua an Chuain. Cuirfidh an bád seo seirbhís tuairiscithe maidir le cúrsaí sábháilteachta agus comhairleacha ar an uisce sa chuan ar fáil don lucht cadhcála agus clárchéaslóireachta agus dóibhsean a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí eile uisce.

Beidh Bád Sábháilteachta Uisce nua an Chuain san uisce idir 2:00pm agus 8:00pm, na huaireanta is gnóthaí ann. Beidh an tseirbhís ag feidhmiú i rith mhí an Mheithimh, mí Iúil agus mí Lúnasa, ag brath ar an aimsir.

Is é seo a leanas a dúirt Simon Coate, Máistir an Chuain, Cuan Dhún Laoghaire: *"Is aoibhinn linn gach duine a fheiceáil amuigh san uisce agus iad ag baint sult as gach a bhfuil ar fáil cois cuain. Is mian linn a chinntiú go mbeidh tú sábháilte agus táimid ag tnúth le fáilte a chur romhat le linn mhíonna an tsamhraidh. Ba mhaith linn cur i gcuimhne do dhaoine tuar na haimsire a sheiceáil, éadaí sábháilteachta a chur orthu agus a rá le baill teaghlaigh nó cairde cá háit a mbeidh tú."*

Mar shochar sa bhreis, cuideoidh an tseirbhís seo le bruscar mara a bhailiú ó uisce an Chuain. Fadhb atá ag éirí níos measa le blianta anuas atá sa bhruscar mara agus tá deis ar leith againn anois cuidiú le cuid de sin a bhaint fad a bheidh an bád sa Chuan.

Más cuairteoir nua thú, iarr cairt sábháilteachta ar an bPatról Sábháilteachta Cuain ar a dtugtar na ceantair úsáide sa Chuan. Tá dlr den tuairim go gcuirfidh an tionscnamh nuálach seo atá dírithe ar an tsábháilteacht ar a gcumas do mhuintir na háite agus cuairteoirí taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí uisce i dtimpeallacht níos sábháilte agus níos rialaithe.

Scoil Mótarbhád Dhún Laoghaire a chuirfidh an tseirbhís seo ar fáil thar ceann na comhairle. Brandáil dlr a bheidh i gceist agus eitleofar bratach bhuí.



# Boscaí bruscair agus leithris sa bhreis ann ar fud an Chontae

Tá boscaí bruscair agus leithris sa bhreis curtha isteach againn i bpríomhcheantair sa chontae go mbeidh an pobal in inmhe a bheith ag ithe, am a chaitheamh agus sult a bhaint as na sráidbhailte, bailte móra, páirceanna agus cladaigh againne.

**Soláthar Araidí**

Tá araidí 1,100 lítear agus araidí bairille breise suite ag na buaic-áiteanna cois cósta. Chuireamar isteach 38 araid chliste nua anuas ar sheacht araid chliste athchúrsála dramhaíola agus tá 18 eile le cur isteach i mí an Mheithimh. Táimid ag baint triail as dhá araid boscaí píotsa i gCarraig Dhubh agus i nDeilginis mar chuid de thionscadal dlrBETA.ie

**Soláthar Leithreas**

Tá liosta de na háiseanna leithris in áiteanna poiblí sa chontae le fáil ar **dlrcoco.ie/Toilets**

**Páirceáil Mhídhleathach**

Táthar i ndiaidh maoir a chur chuig ceantair éagsúla cois cósta ag deireadh na seachtaine le monatóireacht a dhéanamh ar an bpáirceáil mhídhleathach i Meitheamh, Iúil agus Lúnasa sa dóigh is go mbeidh teacht ar gach áit i gcónaí.




# Tabhair Abhaile Mé

## Feachtas Frithbhruscair

Táimid lenár bhfeachtas frithbhruscair "Tabhair Abhaile Mé" a sheoladh le linn an tsamhraidh, a fhógrófar ar na haraidí a bhfuil bolg mór acu agus in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae. Spreagtar daoine san fheachtas réidh a fháil lena mbruscar go freagrach agus na háiteanna áilleachta agus an contae a choinneáil glan.

Tá gach iarracht ar bun againn lena chinntiú go ndéanfar na haraidí ar fad atá againn ar fud an chontae a fholmhú go rialta. Bíodh sin mar atá, táthar ag súil le go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine is dócha a thabharfaidh cuairt ar ár gcontae agus go mbeidh méadú ar na gníomhaíochtaí amuigh le linn mhíonna an tsamhraidh. Ar an ábhar sin, táimid ag súil le go bhfágfar níos mó dramhaíola agus bruscair ar na tránna agus sna páirceanna.

San fheachtas "Tabhair Abhaile Mé", iarrtar ar dhaoine den phobal a mbruscar a thabhairt chuig an araid is cóngaraí, nó é a thabhairt abhaile agus a dhiúscairt go freagrach mura féidir teacht ar cheann gar duit.

Táimid ag iarraidh ar gach duine den phobal agus ar chuairteoirí páirt a ghlacadh san fheachtas an contae a choinneáil mar limistéar gan bhruscar.

# Luascán Cumais nua

## i bPáirc Chábán tSíle



Tá ríméad ar Chomhpháirtíocht Spórt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin píosa nua trealaimh don chlós súgartha atá ionchuimsitheach a sheoladh – an Luascán Cumais. Tá sé suite i gclós súgartha Pháirc Chábán tSíle agus tá sé fóirsteanach do pháistí atá faoi mhíchumas a úsáideann cathaoir rothaí. Tá an Luascán Cumais suite in aice le gléasra eile luascáin agus trealamh clóis súgartha sa dóigh is gur féidir le páiste atá faoi mhíchumas coirp sult a bhaint as an ngníomhaíocht agus cairde, teaghlach agus páistí eile thart air nó uirthi. Spórt Éireann a thug maoiniú ar a shon ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus is féidir rochtain a dhéanamh ar an Luascán Cumais ach eochair uilíoch Radar nó Abloy a úsáid a osclaíonn an-chuid leithris agus áiteanna chun athraithe in Éirinn do dhaoine faoi mhíchumas. Má bhíonn tuilleadh mionsonraí uait, nó má bhíonn ceisteanna eile agat i dtaca le spórt agus míchumas, déan teagmháil le Brian ar 01-2719506 nó **bodonnell@dlrcoco.ie**

# Cuir Tús le bheith Gníomhach agus Fan Gníomhach

Tá Comhpháirtíocht Spórt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tiomanta ó thaobh cuidiú le gach duine sa Chontae tús a chur le bheith gníomhach nó fanacht gníomhach. Tá réimse clár, gníomhaíochtaí agus smaointe againn do dhaoine ar gach cumas agus aois ar ár suíomh gréasáin **dlrsportspartnership.ie**

# Gníomhach i mBaile Átha Cliath



Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ar cheann amháin as ocht gcinn de cheantair chathracha ar éirigh leo nuair a cuireadh iarratas isteach ar Chuntais Dhíomhaoine Spórt Éireann le forbairt a dhéanamh ar thionscnamh 'Cathair Ghníomhach'. Is éard is Cathair Ghníomhach ann cathair ina ndéantar deiseanna sna timpeallachtaí tógtha agus sóisialta lena chur ar a gcumas do chách a bheith gníomhach go fisiceach i saol an uile lae. Déantar na deiseanna sin a fheabhsú chomh maith. Comhpháirtíocht Spórt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a bheidh i gceannas ar an tionscnamh 3 go 5 bliana seo agus beidh sí ag obair leis na rannóga éagsúla san Údarás Áitiúil agus sna gníomhaireachtaí comhpháirtíochta sa Chontae le Cathracha Gníomhacha a thabhairt chun críche. Is é is cuspóir ar an iomlán sa tionscadal Gníomhach i mBaile Átha Cliath go mbeidh an deis agus an spreagadh ag gach duine i mBaile Átha Cliath páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt agus coirp. Díreofar isteach ar chúrsaí míbhuntáiste agus ar dhaoine atá faoi mhíchumas. Tabhair aire go bhfeice tú Gníomhach i mBaile Átha Cliath sna blianta beaga atá le teacht agus cuidigh linn cathair ghníomhach a dhéanamh de.

# Am do Spraoi Saoire Baile an tSamhraidh



## Mind the GAP le sceitimíní sléibhe a bhaint amach

Beidh neart cúiseanna ag rothaithe sléibhe a bheith gealgháireach nuair a osclófar Páirc Eachtraíochta Ghleann Cuilinn sa deireadh i mí an Mheithimh. Cuirfear dhá chonair nua isteach a bhfuiltear ag súil go mór leo agus tá neart ráflaí ag dul thart MTB ó bhí mí Aibreáin ann dá bharr.

Sa GAP anois tá 16 chonair a tógadh go sonrach agus a spreagfaidh an t-aidréanailín, ardú rothar, siopa cíosa agus caifé atá aitheanta as na burgair bhlasta ann a bhéarfaidh brí duit.

Tá Matthew Davy, an t-úinéir, ag fanacht le fada don oscailt. *"Bhí sé iontach doiligh ag muintir na páirce le linn na chéad dianghlasála. Bhí borradh thar a bheith mór ar fad fúinn agus uasghrádú á dhéanamh againn i gcónaí ar na conairí. Mhothaigh cúrsaí go rabhamar i ndiaidh teacht i réim ar an tsaoráid is fearr in Éirinn don rothaíocht sléibhe. Tháinig Covid-19 ansin."*

Fágann na srianta maidir leis an leithlisiú sóisialta nach féidir ach le teaghlaigh nó grúpaí a bhí ag clutharú le chéile pas ardaithe GAP a chur in áirithe. Is féidir le grúpaí ina bhfuil idir beirt agus ochtar leathchuid den veain ardaithe a chur in áirithe. Tá scáileáin chosanta i ngach veain agus déanfar veaineanna agus leantóirí a ghlanadh agus a dhíghalrú i ndiaidh gach áirithinte. Féach **thegap.ie.**



## Eachtraí san fhoraois le 'Bear Grylls na hÉireann'

Sléibhte coillte á bhfiosrú ag páiste, iad sona sásta leis an tsaoire amuigh faoin aer ag foghlaim faoin dúlra agus fúthu féin i ndiaidh dóibh bliain a chaitheamh ag plé le dianghlasáil na paindéime.

Tá an chuma ar chúrsaí go bhfuil sé foirfe – agus is é sin atá ar fáil ag Forest Kids, áit a bhfuil eachtraí i dteannta Bear Grylls na hÉireann ag fanacht le daoine óga neamheaglacha.

Heathar Burnett Niland a chruthaigh Forest Kids, a chuir ar a cumas an grá atá aici don saol allamuigh a chumasc le 25 bliain taithí aici sa chúram leanaí. Déanann sí cúrsaí trí lá a reáchtáil, a chuireann ar a gcumas do pháistí idir 6 bliana agus 12 bhliain d'aois a bheith ag taiscéalaíocht, rudaí nua a fháil amach, bualadh le cairde nua, spraoi a bheith acu agus a bheith ag súgradh i dtimpeallacht shábháilte spreagúil taobh amuigh. Cuirtear an coincheap 'Ná fág Lorg' i láthair do na páistí, agus déantar meas agus tuiscint a chothú iontu faoin oiread atá thart orainn sa dúlra, cé acu sa chathair, sna bruachbhailte nó faoin tuath atá tú i do chónaí.

I ngníomhaíochtaí Forest Kids, is iad na páistí a thugann ceannasaíocht sna heachtraí agus tógtar ar an muinín atá acu cionn is go ndéantar forbairt ar a gcuid scileanna agus go bhfoghlaimíonn siad an bealach le teacht ar ais ó dheacrachtaí agus tascanna a chur i gcrích. Tá an cur chuige seo ina chuidiú le smaointeoirí neamhspleácha, féinmhuinín agus mianach, idir fhisiceach agus mhothúchánach, a fhorbairt.

Tá Forest Kids lonnaithe i bPáirc Eachtraíochta Ghleann Cuilinn i gcroílár Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Is féidir leat é a chur in áirithe ar **forestkidsfun.net**

Rud eile atá ar oscailt agus a mbíonn an-tóir air i measc páistí agus teaghlach ná eachtraí foraoise téide aird i gCoill Thigh Bródáin de chuid Zipit **(zipit.ie)** agus cíos rothaíochta **biking.ie** ar chonairí rothaíochta sléibhe Chnoc Thigh an Chnoic.



## Déan splais BigStyle cois Cuain

Tá níos mó spóirt uisce ná riamh ar fáil i nDún Laoghaire an samhradh seo agus scoil nua chlárchéaslóireachta le hoscailt laistiar den Chuan.

Tá BigStyle ar an gcéad chuideachta scoil chlárchéaslóireachta a fheidhmiú as Cuan Dhún Laoghaire ach ní strainséirí ar bith iad sa cheantar.

Stócaigh áitiúla Kris Goodbody agus Ben McDonald a bhunaigh an chuideachta sa chéad dul síos in 2013 agus spóirt uisce a theagasc ar an gCarraig Dhubh ab ea an chéad rud a rinne siad.

Tá cíos agus ceachtanna clárchéaslóireachta ar fáil ó dhá shoitheach loingseoireachta athearraíochta atá ag Scoil agus Siopa Cíosa BigStyle SUP. Gnó atá feasach ar an gcomhshaol atá ann. Painéil ghréine agus buainteoir uisce a dhéanann é a fheidhmiú ar shiúl ón eangach. Féach **bigstyle.ie**

Tá Scoil Náisiúnta Seoltóireachta na hÉireann lonnaithe sa limistéar gníomhaíochtaí uisce in aice leis an gCé Thiar chomh maith, a chuireann cíos cadhcanna agus clárchéaslóireachta ar fáil, chomh maith le ceachtanna seoltóireachta agus mótarbháid. Féach **inss.ie.**

## Seacht saoire sa bhaile an samhradh seo

1. Faigh do rothar agus téigh ag rothaíocht ar an mBealach Soghluaisteachta Cósta ón gCarraig Dhubh go Cuas an Ghainimh. Beidh an Cycle Hub ar Bhóthar Crofton in ann cabhrú leat le rothair ar cíos, deisiú rothar, trealamh rothaíochta, caife agus sneaiceanna. **the-cyclehub.com**
2. Téigh ag sciáil. I ndáiríre! Tá fánaí sciála tirime Chlub Sciála na hÉireann le hoscailt ó mhí Iúil ar aghaidh. **skiclub.ie**
3. Téigh ar thuras cadhcála ar Shunda Dheilginse, a thosaíonn i gCuan Bhlóic. Cuir do spás in áirithe le Jenny agus a foireann ag **Kayaking.ie**
4. Téigh ag fánaíocht ar cheann de na conairí siúil slímharcáilte ar Shlí Shléibhte Bhaile Átha Cliath, atá 42.6 ciliméadar ar fad. **dublinmountains.ie**
5. Téigh ar chrús cósta a bhainfidh an anáil díot ar an long seoltóireachta nua-athchóirithe Brian Bóramha, a bheidh ag feidhmiú an samhradh seo ón gCé Thoir. **dublinundersail.com**
6. Déan thú féin a thumadh i scéal a théann siar 6,500 bliain le turais bheostaire i gCaisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse. **dalkeycastle.com**
7. Faigh blaiseadh de shaol na tuaithe in Eastát Airfield, feirm 38 acra, teach maorga, músaem carranna seanré agus caifé i nDún Droma. **airfield.ie**

# Fiontraithe dlr ar Taispeáint



## Institiúid na Sínise

Gnólacht nuathionscanta teagaisc ar líne is ea Institiúid na Sínise atá ag cur isteach ar mhúnla teagaisc teangacha scoile ar an láthair le teagasc beo ar líne, atá ar fáil de lá agus d'oíche le teagascóirí gairmiúla ar cainteoirí dúchais iad i seomra ranga fíorúil.

Fear céile agus bean chéile Andy & Lauralee O'Donovan a bhunaigh an institiúid sa bhliain 2019. Tá cúlra acu i ngnóthais éagsúla fiontraíochta agus idirnáisiúnta agus tá dúil as cuimse acu san oideachas. Is é is cuspóir dóibh spás fíorúil a chruthú d'fhoghlaimeoir teangacha eachtracha ar fud an domhain chun nascadh le múinteoirí gairmiúla, ionas go bhfaigheadh na foghlaimeoirí sin teagasc struchtúrtha, údarach agus tumthach a chuireann dlús leis an líofacht sa teanga agus an tuiscint ar an gcultúr.

Ó chuaigh siad in oiriúint do ghéarchéim Covid-19 i Márta 2020, tá fás gasta tagtha orthu agus tá siad i ndiaidh breis agus 4,000 ceacht ar líne a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ar fud na cruinne. Tá formhór na mac léin ar líne ina gcónaí i dtíortha amhail Éire, an Ríocht Aontaithe, SAM agus an Astráil agus i dtíortha an AE agus na hÁise.

*"Bhí an mheantóireacht i gcúrsaí gnó ón Oifig Fiontair Áitiúil thar a bheith luachmhar dúinn ó thaobh ár bplean gnó a mheas go hoibiachtúil".* – Lauralee O'Donovan, Bunaitheoir, a bhfuil rath ag teacht i gcónaí ar Institiúid na Sínise in 2021 buíochas lena cuid oibre. Ní hamháin go raibh an chuideachta ar cheann amháin de 5 de na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais de Ghradaim SFA 2021 sa chatagóir Gnóthas Nua atá ag Teacht Chun Cinn, tá sí chun fás ioncaim 300% a bhaint amach agus tá sí i ndiaidh caipiteal síl a thógáil ó aingeal infheistíochta. Is é is cuspóir don chuideachta, agus cuidiú acu ón Oifig Fiontair Áitiúil, a ardán féin a dhearadh agus a thógáil leis an dúshlán domhanda a réiteach maidir le teacht ar oideachas ardchaighdeáin ar líne i gcás na milliún foghlaimeoir teanga ar fud an domhain. *"Seo am ríthábhachtach dúinn agus muid ag forbairt, agus tá an Deontas Leathnaithe Gnó ón Oifig Fiontair Áitiúil i ndiaidh cur ar ár gcumas líon na bhfostaithe a mhéadú agus an tallann a fhostú atá uainn lenár ngnóthas a leathnú".* – Andy O'Donovan, POF

**www.learnchineseplus.com**

## Creidiúnú **Aoisbhá**

Tugtar cuireadh do ghnólachtaí ar fud na tíre faoin gClár Aitheantais Aoisbhá Gnó Creidiúnú aoisbhá a bhaint amach, mar chuid de thionscnamh atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Aoisbhá Éireann, agus tacaíocht ann chomh maith ó Chomhlachas Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Spreagtar miondíoltóirí agus soláthraithe seirbhísí sa chlár smaoineamh ar thrí athrú a d'fhéadfaidís a dhéanamh ionas go mbeadh taithí níos fearr ag a gcustaiméirí siúd atá níos sine. Ní bhíonn ach costas íseal ag baint leis na hathruithe, nó bíonn cuid acu gan chostas, ar nós cathaoir a chur ar fáil chun suí síos, nó a chinntiú go bhfuil an chomharthaíocht ar fad soléite agus i gcló mór.

Tá páirt glactha cheana féin ag gnólachtaí i Lárionad Siopadóireachta an Gharráin Chnó, Lár Baile Dhún Droma agus i nDún Laoghaire sa chlár. Rinne na gnólachtaí sin Cosantóirí Aoisbhá a ainmniú a d'fhreastail ar cheardlann ar líne agus gheall siad go ndéanfar trí athrú bheaga shuntasacha san ionad oibre atá acu. De réir Conor McDaid, ó Lár Bhaile Dhún Droma, a bhfuil creidiúnú faighte aige mar ghnólacht atá Aoisbhááil, *"bhí an cheardlann iontach suimiúil agus bhí sé úsáideach smaointe agus moltaí daoine eile a chloisteáil maidir le cén dóigh taithí ár gcustaiméirí atá níos sine a fheabhsú".*

Dúirt Steven Stocks ó Lárionad Siopadóireachta an Gharráin Chnó, atá i ndiaidh creidiúnú Aoisbhá a bhaint amach sa chlár, gur chreid sé go raibh sé iontach tábhachtach daoine scothaosta a spreagadh chun filleadh ar na siopaí i ndiaidh tréimhse thar a bheith deacair. *"Tá sé i ndiaidh a bheith dúshlánach do chách, agus is mian linn gach ar féidir linn a dhéanamh go mbeidh ár gcustaiméirí ag mothú sábháilte inár siopaí agus go bhfuil fáilte rompu".*

Agus an clár curtha i gcrích go sásúil ag gnólacht, is féidir leis an ngnólacht an creidiúnú a thaispeáint agus an greamán creidiúnaithe a thaispeáint san fhuinneog. Chomh maith leis sin, déanfar an gnólacht a liostáil ar shuíomh gréasáin **agefriendlyireland.ie**. Is féidir le gnólachtaí a bhfuil suim acu sa chlár seo tuilleadh a fháil amach agus clárú leis an gclár saor in aisce ar **dlrcoco.ie/BusinessAgeFriendly.**

## Táthar ag glacadh le hiarratais don **Scéim Itheacháin Amuigh**



Tá Scéim Itheacháin Nua ann agus táthar ag glacadh le hiarratais faoi láthair. Fáilte Éireann i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla atá ag tacú leis an scéim.

Cuideoidh an Scéim le gnóthais san earnáil bia agus fáilteachais in dlr a n-acmhainneacht ó thaobh itheacháin a mhéadú. Leis sin a bhaint amach, cuirfear maoiniú 75% ar fáil suas le €4,000 mar chuidiú leis an gcostas as troscán agus trealamh taobh amuigh, CBL as an áireamh.

Tá an deontas ar fáil do ghnóthais aonair san earnáil turasóireachta agus fáilteachais lena n-acmhainneacht itheacháin taobh amuigh a fhorbairt agus a mhéadú, bíodh sé sin ar a láthair féin nó sa ríocht phoiblí. Beidh gá le Ceadúnas Troscáin Sráide ón gComhairle don itheachán sa ríocht phoiblí ar féidir cur isteach ar saor in aisce.

Is féidir iarratais a dhéanamh as troscán a ceannaíodh ón 1 Aibreán 2020 agus beidh an scéim ag glacadh le hiarratais go dtí an 30 Meán Fómhair 2021.

Tá na téarmaí agus coinníollacha ar fad, mar aon leis an bhfoirm iarratais ar líne, le fáil ar **dlrcoco.ie/OutdoorDining**

## Cláir **Forbartha Bainistíochta**

Cad é an uair dheireanach a chuir tú le do chuid scileanna mar úinéir/bainisteoir FBM? Agus an saol ag éirí níos nasctha, is gá níos mó ná riamh smaointeoireacht nuálach a úsáid agus éifeachtúlachtaí a bhrú go mbeidh do ghnóthas feiceálach agus go mbeidh sé iomaíoch i gcónaí sa gheilleagar domhanda.

Táimid ag cur sraith clár le chéile chun tacú le cuideachtaí athruithe tábhachtacha céimneacha a dhéanamh. Tá clár LEAN á chur ar fáil againn faoi láthair, is é sin miocroiliúint do chuideachtaí ina bhfuil suas le 20 fostaí. Cuirfear clár LEAN le haghaidh ceannasaithe ar fáil do chuideachtaí níos mó i mí Iúil 2021. Modh an-éifeachtach is ea LEAN le hathrú dearfach a thabhairt isteach in eagraíocht agus is é an toradh a bhíonn air ná feabhas ar bhrabúsacht, díolacháin, fostaíocht agus sástacht fostaithe. Rinneamar obair freisin i gcomhar le LIFT Ireland le Clár ceannasaíochta na heagraíochta sin a sholáthar, atá ar fheabhas, ar féidir leis cultúr aon eagraíochta a fheabhsú go suntasach. I mí Lúnasa i mbliana beimid ag obair ar Chlár Inniúlachta Bainistíochta Airgeadais a chur i bhfeidhm go céimneach, ina gcuirfear Meantóirí tiomnaithe airgeadais ar fáil do chuideachtaí a bhfuil breis is 10 bhfostaí iontu le hinniúlacht a fheabhsú sa réimse ríthábhachtach seo.

Tá sé sin ar fad anuas ar ár n-oiliúint leathan, meantóireacht agus tacaíochtaí deontais atá le fáil ar **localenterprise.ie/dlr**

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil ar na cláir faoi leith, féach **leandlr.ie** agus **liftireland.ie**

### Nuachtlitir Leo dlr

Liostáil dár Nuachtlitir Leo dlr ar **bit.ly/leodlrnewsletter** le fáil amach faoi na tionscnaimh nua ar fad atá againn agus iad ag teacht chun cinn.





# Cearnóg Myrtle agus Lána an Chlochair **Spás Poiblí Nua**

Spás nua poiblí a bheidh i gCearnóg Myrtle i gcroílár Dhún Laoghaire. Cuirfear ceann scríbe ar fáil ann agus spás mealltach do mhuintir na háite agus cuairteoirí chun é a thógáil go bog, a scíth a ligean, a bheith ag súgradh agus sult a bhaint as. Tá an chearnóg suite in áit nua a cruthaíodh nuair a leagadh go cúramach an bloc ina raibh uimhreacha 35-37 ar Shráid Sheoirse Íochtarach. Táthar dóchasach gur féidir ábhar ailtireachta ón bhfoirgneamh a leagadh a úsáid ar chúis nua sa chearnóg nua. Tá na foirgnimh atá cheana ann thart ar imeall an spáis mar a bheadh barróg nádúrtha ann a thugann foscadh mar aon le radharc grianmhar isteach san áit nua.

Beidh an dúlra agus an glasú ina dtréithe den scéim bhuan agus í curtha i gcrích. Beidh garrán nua crann ann, chomh maith le brat talún agus plandaí dreaptha lena gcuirfear ar bun áit shuaimhneach phléisiúrtha. Is iad na gnéithe a bheidh sa spás ná struchtúr forscátha, a lán suíochán poiblí agus aonad súgartha ar níos mó ná leibhéal amháin, deartha go huathúil don scéim seo. Táthar le húsáid a bhaint as córas inbhuanaithe don draenáil uirbeach (suds) sa scéim. Modh is ea é sin le huisce fearthainne a ionsú chuig na háiteanna a plandáladh ar bhealach níos nádúrtha. Leis an ngnáthóg níos glaise, beifear in ann an bhithéagsúlacht agus an dúlra a spreagadh i gcroílár an bhaile mhóir. Táthar le spás sealadach a chruthú idir an dá linn sula dtabharfar faoin scéim bhuan a thógáil.

# Sráideanna Samhraidh dlr

Beidh an spás sealadach seo i gCearnóg Myrtle mar pháirt de thionscnamh iontach níos leithne dar teideal "Sráideanna Samhraidh dlr". Tionscnamh atá ansin atá tugtha isteach ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin arb é is aidhm dó spásanna sábháilte fáilteacha cairdiúla a chur ar fáil inár mbailte móra agus sráidbhailte agus beocht, bia agus brí a thabhairt go sráideanna an Chontae an samhradh seo. Cuirfidh sé seo spásanna ar fáil do chaiféanna, bialanna, tithe tábhairne agus gnóthais eile le bheith ag feidhmiú amuigh faoin spéir an samhradh seo agus ina dhiaidh sin.

Leis an socrú sealadach atá á dhéanamh i gCearnóg Myrtle, gheofar réamhbhlaiseadh dá bhfuil le teacht le scéim Chearnóg Myrtle nuair a chuirfear i gcrích í. Beidh binsí picnic, suíocháin agus glasú ann a dhéanfaidh áit fháilteach den spás. Mar chuid den ghlasú, cuirfear crainn aibí taispeántais i gcoimeádáin mhórscála agus sa talamh agus cuirfear soithí plandaí líneacha ar fáil ina mbeidh plandú milis a bheidh fáilteach roimh phailneoirí. Tá iarracht ar bun spás a chruthú a bheidh compordach do theaghlaigh. Beidh cuid súgartha ann mar gheall ar mharcáil líne ar an talamh atá spreagtha ag an oidhreacht mhuirí. Beidh súgradh nádúrtha ann a bhainfidh leas as na crainn, bolláin agus gnéithe eile sa spás a chuirfidh ar a gcumas do pháistí agus daoine fásta a bheith ag taiscéalaíocht agus ag súgradh sa spás nua. Deis iontach a bheidh anseo do chách sult a bhaint as ár sráideanna agus as an ríocht uirbeach agus léargas nua a fháil orthu.



## próifíl foirne dlr



**Ursula O'Connor**
OIFIGEACH FORBARTHA DON ATHGHINIÚINT UIRBEACH

**Céard a dhéanann tú?**
Ról measartha nua atá san Oifigeach Forbartha don Athghiniúint Uirbeach i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá sé mar chuid den Stiúrthóireacht um Fhorbairt Airgeadais agus Gheilleagrach agus dírítear den chuid is mó ar fheabhas a chur chun cinn sa ríocht phoiblí a thacóidh le gnóthais sna bailte móra agus sna sráidbhailte. Mar sin, tugaimid tacaíochtaí éagsúla do ghnóthais ar leith agus d'eagraíochtaí líonra gnó, mar shampla maoiniú nó idirghabhálacha comhfhorbartha áite. Chomh maith leis sin, bítear ag obair go dlúth leis an gcuid eile den Fhoireann um Fhorbairt Gheilleagrach san Oifig Fiontair Áitiúil agus le hAonad na Turasóireachta freisin. Ar bhonn níos leithne, déantar méid suntasach comhoibrithe thras-rannaigh le comhghleacaithe i bPáirceanna, Ailtirí, Bóithre agus san Oifig Ealaíon go háirithe.

**Céard é gnáthlá oibre duit?**
Ní hionann aon dá lá agus, faoi láthair, tá níos mó éagsúlachta ann agus cuid mhór oibre ar siúl ó bhaile. Bím ar an láthair ar a laghad dhá lá nó trí lá sa tseachtain áfach. Bím ag bualadh le grúpaí gnó ar an láthair, go háirithe agus muid ag tabhairt faoi fhreagairt na Comhairle ar an ráchairt le haghaidh spáis don itheachán taobh amuigh mar chuid dár gclár Sráideanna Samhraidh. Faoi láthair, tá an t-imeacht Dún Laoghaire Anseo ag teannadh linn agus, mar sin, tá cuid mhór le seiceáil leis na bainisteoirí tionscadail don imeacht ealaíne sráide. Táim ag tnúth go mór le croílár Dhún Laoghaire a fheiceáil athraithe ó bhonn agus ealaín ar dóigh ann le daoine a mhealladh isteach chuig Lár an Bhaile Mhóir.

**Cad é an chuid is deacra de do phost?**
Bíonn cinntí deacra le déanamh go minic agus ní féidir linn gach iarratas a thagann chugainn a mhaoiniú ná tacú leis. Dúshlán a bhíonn ann nuair nach mór duit drochscéal a thabhairt do dhuine. Bhí an próiseas roghnúcháin don ealaín le haghaidh Dún Laoghaire Anseo thar a bheith dúshlánach. Fuarthas a lán tograí ar dóigh ó ealaíontóirí ach níl againn ach méid áirithe ballaí.

**Cad é an chuid is fiúntaí de do phost?**
Tá an-fhiúntas ag baint leis an deis bualadh lena lán daoine ar fud an Chontae, go háirithe nuair is féidir linn a bheith ag obair le chéile le cúrsaí a fheabhsú. Nuair a fheicim na torthaí ó scéimeanna a raibh mé ag obair orthu, na boscaí tráchta péinteáilte, abair, Sráideanna Samhraidh: Cábán tSíle, nó teacht chun cinn Chearnóg Myrtle i nDún Laoghaire, tá sé sin an-sásúil. Tá a lán tionscadal eile le teacht agus, mar sin, cuid mhór deiseanna tionchar a imirt ar an gContae ar bhealach chomh dearfach sin.

# Tionscadal Cosanta Cósta Shruthán na Coille

Cuireadh tús le déanaí le Tionscadal Cosanta Cósta Shruthán na Coille. Is é atá i gceist leis thart ar 300m éadanas aille a chobhsú agus a chosaint ar an taobh thuaidh de Chuan Bhré agus ar an thaobh theas de Chlub Gailf Shruthán na Coille.



Is é is cuspóir do na hoibreacha atá beartaithe ná dul i ngleic leis an bhfadhb reatha atá ann, is é sin dramhaíl líonta talún ag creimeadh ón aghaidh aille agus a shil-leagan ar an trá chun tosaigh. Cuirfear cosantaí cósta isteach chun dul i ngleic leis sin.

Mar chuid den obair, cuirfear isteach armúr carraige agus cosaint cósta feadh na haghaidhe aille agus ar an trá. Tá an charraig á hiompórtáil ó shuíomhanna áitiúla tógála i gCill Iníon Léinín agus sa cheantar máguaird, a laghdófar an tionchar ar an líonra bóithre agus ar an timpeallacht. Tá éiceolaí ar an láthair ag cur comhairle ar an mbuíon maidir le Fiadhúlra agus Gnáthóga. Cuirfear cosáin rochtana ar fáil feadh an chlaífoirt agus tabharfar rochtain do thosach na trá.

Beidh compún sealadach láithreáin suite ag mullach aille ar an taobh theas den láithreán. Tiocfaidh an gléasra agus an pearsanra isteach trí Bhóthar an Chuain, in aice Bhóthar na Trá R766. Táthar ag súil le go gcuirfear na hoibreacha i gcrích an t-earrach seo chugainn.



# Feabhsuithe ar Thrá Chill Iníon Léinín

Tá próiseas ar bun ag dlr faoi láthair chun scéim feabhsaithe a sholáthar ar Thrá Chill Iníon Léinín. Tá an tionscadal chóir a bheith curtha i gcrích anois. Mar chuid de tá oibreacha suntasacha cothabhála agus athdhromchlaithe, feabhsuithe rochtana, soláthar páirceála rothar, comhfhorbairt áite, ríocht phoiblí a dhéanamh, comharthaíocht agus treochomharthaíocht, agus athchóiriú na n-áiseanna atá ann cheana. Cuireadh tús leis an tógáil ar an tionscadal i Samhain 2020 agus tá sé á sholáthar ag foireann thras-rannach ildisciplíneach ar fud na ranna seo: Tránna, Cothabháil Bóithre, Páirceanna agus Ailtirí.

Ar na hoibreacha atá fós le cur i gcrích mar pháirt de chéim reatha na bhfeabhsuithe tá feabhsuithe ar chomharthaíocht agus treochomharthaíocht, athdhromchlú mionscála agus an rochtain ar shiúlán cois trá atá cheana ann agus an rampa a ghabhann leis a fheabhsú. Straitéis feabhsaithe fadtéarmach atá ann anois atá tagtha as an tionscadal i gcomhréir le maoiniú Fáilte Éireann. Mar chuid den straitéis, déanfar saoráid inbhuanaithe spórt uisce a sholáthar le háiseanna feistis, sláintíochta agus cruinnithe a chur ar fáil do rannpháirtithe a bheidh páirteach i ngníomhaíochtaí spóirt bunaithe san uisce agus eile, agus le tacú le seirbhísí na n-oibritheoirí a chuireann gníomhaíochtaí spórt uisce ar fáil sa cheantar.

# Fáilte curtha ag dlr roimh Staraí Cónaithe nua

Tá lúcháir ar Oifig Oidhreachta dlr fáilte a chur roimh David Gunning mar an Staraí Cónaithe don bhliain 2021 faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Gheobhaidh David spreagadh ó na cartlanna, na bailiúcháin agus na foirgnimh oidhreachta atá faoi chaomhnóireacht Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le clár taispeántas agus imeachtaí a chur i dtoll a chéile d'fhómhar 2021. Cuirfear faoi chaibidil dearcthaí nua ar an Teach Mór i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus leagfar béim ar leith ar na hathruithe a tháinig ar an tsochaí sa tréimhse roimh Chogadh na Saoirse, lena linn agus ina dhiaidh.

I measc na bhfoilseachán atá curtha amach ag David le déanaí tá What's in a Name – Dunleary, Kingstown, Dún Laoghaire agus Divine Illumination, a foilsíodh mar chuid de chláir a d'eagraigh dlr le déanaí faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán agus a bhfuil duaiseanna buaite aige. Tá suim mhór aige in oidhreacht thógtha agus i stair Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus d'oibrigh sé mar threoraí turais do Shamhradh Oidhreachta dlr ar feadh roinnt blianta. Is mar an Cartlannaí Cónaithe ag dlr Lexicon ba dhéanaí a bhí sé ag obair, áit a raibh club nuálach leabhar scannánaíochta, a bhí bunaithe ar théama an Tí Mhóir, á chur ar siúl aige.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis ag **dgunning@dlrcoco.ie** nó **@davidlewisgunning** ar Instagram

Tá ról an Staraí Cónaithe maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

# Plean Oidhreachta Contae dlr: an tEolas is Déanaí

Ár mbuíochas ó chroí le gach duine a thug smaointe agus moltaí thar barr dúinn i dtaobh na hoidhreachta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin mar chuid den phróiseas comhairliúcháin sa Phlean Oidhreachta Contae i mbliana.



Déanfaimid an plean nua cúig bliana a sheoladh go gairid – bí ag faire amach faoi choinne bealaí nua le bheith páirteach agus le tairbhe a bhaint as an oidhreacht áitiúil.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil leis an Oifigeach Oidhreachta, Deirdre Black ar **info@dlrcoco.ie**



# Taispeántas Ealaíon na Páirce Nua

**Ardán Haigh agus dlr LexIcon**

**1 Meitheamh – 16 Iúil**

Tá lúcháir orainn saothar dhaltaí na hidirbhliana ó Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua, an Charraig Dhubh, a thaispeáint i dtailte dlr LexIcon taobh le hArdán Haigh agus istigh i Saotharlann LexIcon. Buaic Sheachtain na nEalaíon ar an scoil atá ann, nuair a thugtar deis do na daltaí triail a bhaint as éagsúlacht foirmeacha, lena n-áirítear an lámhfhíodóireacht, beochan íomhá ar íomhá, ealaín suiteála, fuaim agus drámaíocht. Is iad seo a leanas na tionscadail atá ar taispeáint:

- **Lámhfhíodóireacht:** Threoraigh Trudy Feighery a daltaí i gceardlann lámhfhíodóireachta inar baineadh úsáid as ábhar ar thángthas air agus ábhar athearraíochta, a chuimsigh teachtaireachtaí folmhaithe agus léargais mar fhreagairt ar an dianghlasáil. Gné speisialta atá ann ná gur úsáideadh 30 roth rothair, a bhuíochas le Mike's Bikes!
- **Ealaín Suiteála:** Threoraigh David King na daltaí a bhí aige agus rinne siad saol spreagúil na healaíne suiteála a fhiosrú. Is éard a tháinig as an obair sin ná píosaí ealaíne comhoibritheacha agus suiteálacha ealaíne cinéití.
- **Beochan Íomhá ar Íomhá:** D'oibrigh Naomi Good lena daltaí le scannáin ghearra bheoite a chruthú. Ghlac daltaí grianghraif d'earraí ina stad agus baineadh leas as teicnicí beochana le hiad a thabhairt chun beochta ar an scáileán. Tá siad sin ar taispeáint i Saotharlann LexIcon taobh istigh d'uaireanta oscailte.

# Bí le Réaltaí an tSamhraidh i dteannta le Leabharlanna dlr!

Gabh chuig Leabharlanna dlr an samhradh seo agus glac páirt sa dúshlán léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh. Bíonn an dúshlán léitheoireachta bliantúil saor in aisce seo ar siúl i leabharlanna poiblí ar fud na hÉireann. Tugtar cuireadh do gach páiste clárú sa leabharlann áitiúil le páirt a ghlacadh, áit a bhfaighidh siad Cárta Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh. Bronntar stampaí as gach leabhar a léitear agus déantar iad a thaifeadadh ar an gCárta Léitheoireachta.

Tá cuid mhór earraí spraíúla ann leis an léitheoireacht a spreagadh dóibhsean a chríochnaíonn Cárta Léitheoireachta: leabharmharcanna, pinn luaidhe, málaí tarraingthe agus leabhair nótaí. Cuirtear gach sórt léitheoireachta san áireamh – an léitheoireacht neamhspleách, léitheoireacht le daoine eile agus léitheoireacht ag am luí, agus cuirtear gach leabhar a léitear san áireamh, ní hamháin leabhair leabharlainne. Is féidir le páistí breathnú ar na leabhair i ngach brainse Leabharlanna dlr agus ar líne agus iad a ghlacadh ar iasacht. Tá ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair agus greannáin páistí ar fáil ar na haipeanna BorrowBox agus Libby, chomh maith le seirbhís nua darb ainm Tumble Books.

Tá siad sin saor in aisce dár mbaill ar fad lena n-úsáid áit ar bith agus am ar bith! Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar ár suíomh gréasáin **libraries.dlrcoco.ie/online-library/books-online.** Bí linn ar na meáin shóisialta, áit ina mbeidh tú in ann Réaltaí an tSamhraidh a leanúint ar Twitter **@StarsReading** agus ar Facebook agus Instagram **@Summer Stars At Your Library.**

Tá an-áthas ar Leabharlanna dlr Tráth Spraíúil na gCeist Réaltaí an tSamhraidh 2021 don Teaghlach a reáchtáil Dé hAoine an 18 Meitheamh le Réaltaí an tSamhraidh a sheoladh; déan teagmháil le Seán ar **libraryquiz@dlrcoco.ie** le clárú. I Meitheamh agus Iúil beidh amanna scéalta nua ar líne ar fáil ar Facebook agus YouTube gach Aoine ar 3.30pm. I mí Lúnasa, bí ag faire amach d'imeachtaí ceoil agus imeachtaí beo eile i ngairdíní leabharlainne.

Tiocfaidh deireadh leis an gclár i mí Mheán Fómhair nuair a bheidh crannchur na gCártaí Léitheoireachta agus Bronnadh Mór na nDuaiseanna ann. I measc na nduaiseanna, beidh: dearbháin do laethanta spraoi amuigh in dlr agus dearbháin do mhiondíoltóirí áitiúla. Ná déan dearmad, dá mhéad a léann tú is ea is mó deiseanna a bheidh agat buachan!

# Filíocht ag an LexIcon: Jen Hadfield, Nidhi Zak/Aria Eipe, Mark Roper

**Imeacht réamhthaifeadta atá anseo a bheidh ar fáil ar Chainéal YouTube Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.**



Jen Hadfield, Nidhi Zak/Aria Eipe, Mark Roper, Rosamund Taylor

Deis atá anseo Oíche Fhéile Eoin a chaitheamh le triúr filí spreagúla cruthaitheacha a dhéanann an tírdhreach, an dúlra, an cruth daonna agus na gréasáin a nascann gach rud a fhiosrú. Is tábhachtaí anois ná riamh féachaint taobh amuigh dínn féin le tuiscint níos fearr agus meas a bhaint amach ar an domhan nádúrtha. Tugtar léargais dhochreidte dúinn i meascán timpeallachtaí nádúrtha mar gheall ar shúile géara na bhfilí agus an staidéar fadtéarmach atá déanta acu ar gach rud idir bhairnigh, mhíolta móra glasa agus an mac tíre. Chomh maith leis sin, déanann siad na bealaí a n-úsáidimid teanga agus an tslí a múnlaíonn focail gach a bhfeicimid a fhiosrú. Bí páirteach le Jen Hadfield, Nidhi Zak/Aria Eipe agus Mark Roper don tráthnóna bríomhar seo a mbeidh ábhar machnamh ann. Rosamund Taylor a dhéanfaidh éascaíocht ar an imeacht.

# Tithe Bhaile Átha Cliath James Joyce: Charles Hulgraine

**dlr LexIcon 1 Meitheamh – 31 Iúil**



Leoville, an Charraig Dhubh

Tá The Friends of Joyce Tower Society agus dlr LexIcon bródúil as an gcéad léiriú amharc-ealaíne ar na tithe i mBaile Átha Cliath ina riabh cónaí ar James Joyce agus a theaghlach a chur i láthair. Bhí na tithe in áiteanna éagsúla ar fud dheisceart Bhaile Átha Cliath agus ina dhiaidh sin bhí cuid acu ar an taobh eile den Life, i dtuaisceart na cathrach. Chuir siad ar fáil réimse leathan carachtar agus taithí do Joyce.

Is as cathair Bhaile Átha Cliath é an péintéir agus déantóir priontaí Charles Hulgraine agus tá dúil aige a shaol ar fad i ngach a mbaineann le Joyce. Bhí fonn air taifead físe a athchruthú de na tithe tábhachtacha seo i mBaile Átha Cliath, atá fós ann den chuid is mó. Is céimí ó Institiúid Teicneolaíochta BÁC agus ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha é Charles agus tá sé ina Bhall d'Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. Is é úinéir Ballsbridge Gallery i mBaile Átha Cliath 4 é, áit a mbíonn a shaothar féin ar taispeáint, agus tá sé ina bhall de The Friends of Joyce Tower Society, Dumhach Thrá, Baile Átha Cliath. Gabhaimid buíochas le Vivian Igoe chomh maith as a foilseachán James Joyce's Dublin Houses (2007), ar foinse luachmhar é i dtaobh dátaí agus comhthéacs. Beidh an taispeántas iomlán suite ar Leibhéal 3, dlr LexIcon agus beidh painéil bhlaiste ann taobh amuigh i ngairdín LexIcon i bPáirc Uí Mhóráin.

## CÉARD ATÁ AR SIÚL SA GHAILEARAÍ BARDASACH IN dlr LEXICON

# Tangled

**15 Bealtaine – 18 Iúil**

Mar chuid de seo beidh saothar le Ursula Burke, John Byrne, Alice Maher, Breda Mayock, John Power, Dermot Seymour agus Michael Fortune. Michael Fortune a choimeád an taispeántas a bhí ag obair i gcomhar le baill foirne agus rannpháirtithe ó Ghrúpa Gníomhaíochta Dheisceart Bhaile Átha Cliath don Lucht Siúil in 2019 agus 2020. Le linn na tréimhse sin, chuir Michael saothar le healaíontóirí comhaimseartha éagsúla na hÉireann in aithne don ghrúpa; na healaíontóirí a roghnaíodh agus na téamaí atá le fáil ar fud an taispeántais seo, is léiriú iad siúd ar an obair i gcomhar leis an nGrúpa, agus ar a rannpháirtíocht féin. Tá idir ábhar nua agus ábhar a rinneadh le déanaí ó stiúideonna na n-ealaíontóirí sa taispeántas seo.






Baile an Bhóthair le Gary Coyle

# On Returning

## Saothar nua le Gary Coyle

**24 Iúil – 26 Meán Fómhair**

Sraith de líníochtaí daite – athrú ó ghnáthstíl Coyle - bunaithe ar a thuras DART idir Lár na Cathrach agus Dún Laoghaire, a bheidh i dtaispeántas Gary Coyle a bheidh ar siúl go luath in dlr LexIcon. Agus iad spreagtha i bpáirt ag priontaí bloic adhmaid na Seapáine ón 18ú agus ón 19ú hAois, cruthófar iad ar ríomhaire le photoshop agus táibléid líníochta.

Deir Gary: "Ónar osclaíodh DART i Samhradh 1984, thaistil mé air na mílte is na mílte uair, thaitin sé liom i gcónaí a mhothú go raibh m'intinn á folmhú agus mé ag gluaiseacht go réidh idir Lár na Cathrach agus Dún Laoghaire. Go mion minic agus mé ag dul thar shéadchomhartha nó radharc a raibh seanchur amach agam air a cheapfainn gur cheart dom íomhá a dhéanamh de, ach ní dhearna. Leis an taispeántas seo, d'éirigh liom an spadhar sin a fhiosrú."

Bronnadh Coimisiún Amharc-Ealaíne dlr ar Gary Coyle leis an saothar don taispeántas seo a chruthú. Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon go lách leis an Dámhachtain.

# Clár Ceoltóirí Cónaithe



Iarlaith Mac Gabhann

Coinnigh do chluasa oscailte leis an eolas is déanaí a fháil maidir leis an gClár Ceoltóirí Cónaithe atá againn le linn an tsamhraidh. Bronnadh an Ceoltóir Cónaithe atá ag teacht chun solais ar Iarlaith Mac Gabhann i mí na Bealtaine, a bhíonn ag seinm ceol traidisiúnta ar an bhfeadóg mhór. Tá sé ar an gcéad cheoltóir as triúr Ceoltóirí Cónaithe a bheidh againn in 2021 faoi scéim arna cómhaoiniú ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus ag an gComhairle Ealaíon, agus arna bainistiú ag Music Network. Tá Iarlaith i ndiaidh ábhar cartlainne a úsáid le tiúineanna a fhiosrú ó cheoltóirí nach bhfuil a oiread sin aithne orthu a bhfuil baint acu le traidisiún na feadóige móire i dtuaisceart Chonnacht; tá sé tar éis a bheith ag obair leis an gceoltóir áitiúil Michael Tubridy chomh maith, a bhí ar dhuine de bhunaitheoirí The Chieftains. Déanfar ceolchoirm phoiblí dá chuid oibre nua a shocrú an deireadh an tsamhraidh nó go luath san fhómhar, ag brath ar na srianta sláinte poiblí.




# Slite Scéalta dlr

Is é is Slí Scéil dlr siúlóid scéil amuigh ar féidir le cách sult a bhaint aisti. Leabhar pictiúr ar chláir thaispeána atá ann. Is féidir leat é a leanúint, ó thús deireadh, agus tú ag siúl i gcomhluadar teaghlaigh nó cairde.

**Slí Scéil The Vanishing Lake** i ngairdín Leabharlann Dhún Droma: scéal meallacach leis an údar/maisitheoir Paddy Donnelly, ina ndéantar ceiliúradh ar dhiongbháilteacht cailín óig, ar chríonnacht Daideo agus ar iontais dhochreidte an domhain nádúrtha.

**Slí Scéil Spidey** i ngairdín Leabharlann Chábán tSíle: leabhar galánta é seo le Carmel Uí Cheallaigh atá maisithe ag Fintan Taite. Is breá le Séimí Beag damháin alla! Is cuma cá háit a dtéann sé, ní féidir leis smaoineamh ar rud ar bith eile. Nár dheas dá dtiocfadh leis féin a bheith ina dhamhán alla!


Seol grianghraif díot féin agus de do chairde nó teaghlach agus sibh ag freastal ar Slite Scéalta agus beidh deis agat do chóipeanna féin de na leabhair a bhuachan! Seol ar ríomhphost iad chuig libraryculture@dlrcoco.ie nó clibeáil muid ar FB nó ar Instagram ag úsáid **#dlrScéalTrails**

Le tuilleadh eolais a fháil ar Slite Scéalta dlr, féach ár suíomh gréasáin: **libraries.dlrcoco.ie**

# Tumble Books

TUMBLE BOOK LIBRARY

Tá Leabharlanna dlr díreach i ndiaidh seirbhís nua ar líne a chur lenár suíomh gréasáin. Leabharlann ríomhleabhar ina bhfuil leabhair do pháistí atá in Tumble Book Library. Tá sé saor in aisce agus níl aon teorainn ag baint leis, agus is féidir leat rochtain a dhéanamh air ó ghléas ar bith sa bhaile a bhfuil nasc Idirlín ann. Tá breis is 250 leabhar beoite labhartha ann, leabhair i bhFraincis agus Spáinnis, tomhais agus cluichí, úrscéalta grafacha, leabhair neamhfhicsin agus tuilleadh eile. Ní gá duit clárú. Níl le déanamh agat ach dul chuig **libraries.dlrcoco.ie** agus cliceáil ar nasc TumbleBookLibrary. Tá neart leabhar ann le roghnú uathu d'am scéalaíochta agus tá rud éigin ann do chách. Go mbaine tú sult as!




# Aip Leabharlann dlr

Ar bhain tú feidhm as Aip Leabharlann dlr go fóill?

Tá gnéithe ar dóigh san aip. Is féidir cártaí agus iasachtaí leabharlainne an teaghlaigh ar fad a rianú san aon áit amháin ar d'fhón cliste agus, ina theannta sin, is féidir leat an aip a úsáid le do chuid earraí féin a eisiúint agus a thabhairt ar ais tú féin ar d'fhón cliste; socrú foirfe atá ansin má bhíonn tú gnóthach nó más mian leat gan idirghníomhú le meaisíní féinfhreastail ná le baill foirne na leabharlainne faoi láthair.

Ná déan dearmad, beidh baill foirne na leabharlainne lán sásta cuidiú leat má bhíonn cúnamh uait agus tú ar cuairt ar an leabharlann.

Tá an aip saor in aisce agus gheofar ar iTunes agus Google Play í má dhéanann tú cuardach ar 'dlr Libraries' (Leabharlanna dlr). Bain triail as inniu!

# Déanann **do** Chomhairleoirí **dlr** ionadaíocht ortsa

## DÚN DROMA

AN CLR SHAY BRENNAN FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 086 829 0570
RÍOMHPHOST: sbrennan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR ANNE COLGAN NSP
30 Plásóg na Fuinseoige,
Bóthar Bhaile an tSaoir
FÓN PÓCA: 087 245 4202
RÍOMHPHOST: acolgan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR DANIEL DUNNE CG
126 Páirc na Cluana,
Baile an Teampaill
FÓN PÓCA: 087 115 4468
RÍOMHPHOST: ddunne@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR ANNA GRAINGER FG
18 An Tobar Naofa,
Bóthar Chill Mochuda
Uachtarach
FÓN PÓCA: 087 282 5511
RÍOMHPHOST: agrainger@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR SEAN McLOUGHLIN NSP
49A Céide an Átha
Leathain, Baile an tSaoir,
Baile Átha Cliath 16
FÓN PÓCA: 087 741 1638
RÍOMHPHOST: smcloughlin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR PETER O'BRIEN LO
23 Plásóga Cluain Ard,
Dún Droma, D16 KT53
FÓN PÓCA: 086 461 1638
RÍOMHPHOST: pobrien@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR JIM O'LEARY FG
48 Gleann na Páirce,
Bóthar Áth an Ghainimh,
Dún Droma
FÓN PÓCA: 086 818 6732
RÍOMHPHOST: joleary@cllr.dlrcoco.ie

## STIGH LORGAN

AN CLR DEIRDRE DONNELLY NS
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 086 461 1625
RÍOMHPHOST: ddonnelly@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR. EVA ELIZABETH DOWLING CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 083 149 6045
RÍOMHPHOST: edowling@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR JOHN KENNEDY FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 772 0794
RÍOMHPHOST: jkennedy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR MAEVE O'CONNELL FG
79 Céide Shliabh Rua,
Cill Mochuda, Co. Bhaile
Átha Cliath
FÓN PÓCA: 086-8516936
RÍOMHPHOST: moconnell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR BARRY SAUL FG
13 Bóthar Mather Thuaidh,
Cnoc Mhuirfean
FÓN PÓCA: 086 781 4517
RÍOMHPHOST: bsaul@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR DÓNAL SMITH FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 193 6483
RÍOMHPHOST: dsmith@cllr.dlrcoco.ie

## AN CHARRAIG DHUBH

AN CLR MARIE BAKER FG
38 Plásóg Avondale,
An Charraig Dhubh
FÓN PÓCA: 086 818 6704
RÍOMHPHOST: mbaker@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR KATE FEENEY FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 086 461 1627
RÍOMHPHOST: kfeeney@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR MARY HANAFIN FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 085 120 2121
RÍOMHPHOST: mhanafin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR MAURICE DOCKRELL FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
RÍOMHPHOST: mdockrell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR SÉAFRA Ó FAOLÁIN CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 908 1058
RÍOMHPHOST: sofaolain@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR MARTHA FANNING LO
23 Bóthar an Chlochair,
An Charraig Dhubh, Co.
Bhaile Átha Cliath
FÓN PÓCA: 0872041559
RÍOMHPHOST: mfanning@cllr.dlrcoco.ie




## DÚN LAOGHAIRE

AN CLR MARY FAYNE FG
Cúl Méine, Bóthar Chuas an
Ghainimh, Cuas an
Ghainimh, Co. Bhaile
Átha Cliath
FÓN PÓCA: 086 461 1626
RÍOMHPHOST: mfayne@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR LORRAINE HALL FG
71 Ascaill Roseland,
Cualanor, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 790 5555
RÍOMHPHOST: lhall@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR TOM KIVLEHAN CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 373 2518
RÍOMHPHOST: tkivlehan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR MELISA HALPIN PRB
f/ch 13 Sráid Sheoirse
Íochtarach,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 086 380 5793
RÍOMHPHOST: mhalpin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR JUSTIN MOYLAN FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 313 8815
RÍOMHPHOST: jmoylan@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR JULIET O'CONNELL LO
59 Sráid Sheoirse
Uachtarach,
Dún Laoghaire
AN LEAS-CHATHAOIRLEACH
FÓN PÓCA: 087 270 7745
RÍOMHPHOST: joconnell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR DAVE QUINN DS
20 Ardán an Longfoirt
Baile na Manach
FÓN PÓCA: 087 247 3448
RÍOMHPHOST: dquinn@cllr.dlrcoco.ie

## GLEANN CUILINN-ÁTH AN GHAINIMH

AN CLR KAZI AHMED FG
Cnoc na Spideoige,
Bóthar Áth an Ghainimh
FÓN PÓCA: 086 031 3448
RÍOMHPHOST: kahmed@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR EMMA BLAIN FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 715 2786
RÍOMHPHOST: eblain@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR MICHAEL FLEMING NSP
6 Lána na Céime,
Sráidbhaile na Céime
FÓN PÓCA: 086 020 1665
RÍOMHPHOST: mfleming@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR LETTIE McCARTHY LO
AN CATHAOIRLEACH
23 Arda Chill Ghobáin,
An Chéim
FÓN PÓCA: 086 818 6718
RÍOMHPHOST: lmccarthy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR PATRICIA KINSELLA NSP
5 Bóthar Dhroichead
Bhaile an Mhuilinn
Baile Átha Cliath 14
FÓN PÓCA: 086 461 1634
RÍOMHPHOST: pkinsella@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR TOM MURPHY FF
Tree Tops, Barr na Coille,
Áth an Ghainimh
FÓN PÓCA: 086 781 4515
RÍOMHPHOST: tmurphy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR OISÍN O'CONNOR CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 606 5648
RÍOMHPHOST: ooconnor@cllr.dlrcoco.ie

## CILL INÍON LÉINÍN-SEANCHILL

AN CLR MICHAEL CLARK FF
Oifig Fhianna Fáil,
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 109 4032
RÍOMHPHOST: mclark@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR JIM GILDEA FG
Mullach na Sí,
Bóthar Bhré, Seanchilll
FÓN PÓCA: 086 813 1456
RÍOMHPHOST: jgildea@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR HUGH LEWIS PRB
179 Páirc Phlásóg na
Fuinseoige,
An Baile Breac
FÓN PÓCA: 086 781 4523
RÍOMHPHOST: hlewis@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR FRANK MCNAMARA FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 104 3210
RÍOMHPHOST: fmcnamara@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR DENIS O'CALLAGHAN LO
49 Páirc Ráth Salach,
Seanchill
FÓN PÓCA: 086 278 5609
RÍOMHPHOST: denisoc@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR UNA POWER CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 386 1048
RÍOMHPHOST: unapower@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR CARRIE SMYTH LO
Inislachan, Bóthar Ghort na
Mara, Cill Iníon Léinín
FÓN PÓCA: 086 383 5051
RÍOMHPHOST: carriesmyth@cllr.dlrcoco.ie